

## ❖ An Lúibín ❖

15 Lúnasa 2005



### Cumas teanga

*Are you competent in your second (or third or fourth) language? What does competence mean? Can you greet people, add up change, make a telephone call?*

Cúpla bliain ó shin d'fhiafraigh an nuachtán Briotanach *The Independent* de bheirt saineolaithe teanga cad ba bhunchumas teanga ann. Seo thíos an liosta a rinne siad.

Ba cheart duit a bheith in ann:

- Beannú do dhaoine agus frásaí cúirtéiseacha a úsáid
- A rá cá mhéad den teanga atá agat
- Comhaireamh ó 1 go dtí 100 agus a fhiafraí cá mhéad atá ar rudaí
- Béile a ordú, an bille a íoc agus séisín a fhágáil
- Cabhair a iarraidh i gcruachás
- Seomra a chur in áirithe in óstán agus ticéad a cheannach
- Glaoch gutháin a dhéanamh agus ríomhphost a úsáid
- Buneolas a fháil ar chultúr na tíre
- Glacadh go rechúiseach le difríochtaí cultúrtha

Sa bhliain 2002 dúirt leath mhuintir na hEorpa go raibh an dara nó an tríú teanga acu. Bhí Béarla mar an dara teanga ag 41%, agus dúirt gach duine as triúr acu go raibh sí go maith aige. Bhí Fraincis mar an dara teanga ag 19%, Gearmáinis ag 10% agus Spáinnis ag 7%. Dúit *The Independent* nach raibh teanga eile ag 66% de dhaoine fásta sa Bhreatain, rud nach cúis iontais é; ar éigean ab fhearr an Astráil féin sna cúrsaí seo, d'ainneoin a bhfuil de theangacha á labhairt anseo. Is léir go raibh éileamh i gcónaí ar an bhFraincis, ach is cinnte nár tháinig aon lagú ar Bhéarla idir an dá linn, go háirithe sa Lochlann, sa Ghearmáin agus san Ollainn. Más fiú linn súil a thabhairt ar an nGaeilge (rud nach ndearna *The Independent*, ar ndóigh), tá méadú tagtha ar an líon Eorpach a bhfuil sí mar an tríú teanga acu, go háirithe in Oirthear Eorpa. Ní líonfadh an t-iomlán acu faiche, ach tá siad ann.

Sa tír seo ní foláir do na daltaí scoile teanga eile a dhéanamh go dtí bliain 10 (an tseanMheánteistiméireacht) ar a laghad, ach caitheann a bhformhór in aer ansin í, agus gan aon líofacht mhór bainte amach acu. Scéal é seo ar chuir *An Lúibín* síos air cheana: tá múinteoirí oilte teangacha gann, is minic nach leor an t-am a chuirtear in áirithe dóibh, agus tá príomhtheanga an domhain againn ar aon chuma. Ní scéal gan leigheas é, b'fhéidir, ach an toil a bheith ann chuige. Idir an dá linn, coinnimis an Ghaeilge glan ó mheirg.



### **Teanga an tsamhraidh**

*Thousands attend the Irish language summer colleges – an Irish rite of passage.*

Gaeilge sa samhradh – agus ceann de dheasghnátha na tíre ar siúl ag Coláiste na Rinne i nGaeltacht Phort Láirge (féach an píosa le Catherine Foley in *The Irish Times* 5/8/05). Coláiste samhraidh atá i gceist, agus ba léir ón tuairisc gur thaitin an cúrsa le formhór mór na ndaltaí. Dúirt cailín ceithre bliana déag nár mháith léi an teanga ar scoil agus gan inti ach gramadach. B'fhurasta comhrá a dhéanamh anseo agus bhí feabhas ag teacht ar a cuid Gaeilge. Ba bhreá an rud an 'teanga dhúchais' a bheith agat. Shíl buachaill cúig bliana déag gur mhór an spórt an muintearas, tuairim a bhí coitianta go leor.

Bíonn os cionn 1,000 duine ag Coláiste na Rinne i rith an tsamhraidh; téann timpeall 24,000 duine go dtí cúrsaí samhraidh in Éirinn gach bliain, agus deir Comhchoiste Náisiúnta na gColáistí (a mbaineann 75% de na coláistí leis) gur mó an t-éileamh atá orthu ná riamh.

Deirtear gur ócáid teacht in aois an cúrsa samhraidh – tú ag fágáil an bhaile den chéad uair, b'fhéidir. Bhíodh blas níos simplí ar an ócáid fadó: cuimhníonn an scríbhneoir Éilís Ní Dhuibhne ar an aoibhneas a bhain sí féin agus a cairde as an dúlra ag coláiste beag i nDún na nGall sa bhliain 1966, agus í dhá bhliain déag. Bhí siad ró-óg chun an coláiste a bheith ina áit chollaíochta, óil agus thobac acu, mar is féidir leis a bheith. Ba leo féin amháin an tír agus an bóthar, gan na carranna á mbrú i leataobh. Canúint na háite chucu, agus áilleacht na habhann rompu.

Má tá cuid den tseansimplíocht imithe tá an muintearas ann i gcónaí. Tá muintir na Gaeltachta ann freisin, cé go ndúradh le déanaí gur 'freefall' a bhí ann maidir le líon na gcainteoirí dúchais – rud a shéan an tAire go géar. Má tá bun fírinne leis an scéal ní fios arbh fhiú na coláistí a choinneáil ann murach na radhairc bhreátha atá ina dtimpeall; ach níor tháinig feo ar an mbláthú fós.



### **An teanga nach luaitear**

*Ireland lives on tourists, but Irish hardly figures in the advertised attractions.*

'Bíonn thar ar 24,000 dalta ag freastal ar choláistí Samhraidh sa Ghaeltacht – ar chuimhnigh Fáilte Ireland riamh go bhfuil tuismitheoirí ag na daoine seo agus go bhféadfaidís iad sin a mhealladh le saoire a chaitheamh i gcomharsanacht a bpáistí?'

Caint ghéar ag urlabhra gnólacht turasoíreachta in Éirinn, mar a bhí sí lé léamh ar *Lá* le déanaí. Ar na rudaí a spreag an chaint sin bhí cinneadh an Aire deireadh a chur leis na heagraíochtaí réigiúnda agus an cúram sin a fhágáil ar Fáilte Ireland – eagraíocht náisiúnta atá in ann bileog a sholáthar i dteanga ar bith seachas Gaeilge.

Níl na heagraíochtaí réigiúnda gan cháineadh, agus úinéir an óstáin ar Oileán Thoráí á rá go bhféadfadh dúnadh mar gheall ar an easpa turasoírí a bhí ag teacht – rud a chuir sé i leith eagraíocht thurasóireachta Thír Chonaill. B'fhéidir nach maith an sampla é: ní furasta an t-oileán céanna a bhaint amach.

Bhí rudaí eile le rá ag fear na gearraíochta. Dúirt sé go raibh Fáilte Ireland sásta daoine a mhealladh chun na hÉireann le Béarla a fhoghlaim ach nárbh fhiú leo lucht foghlama Gaeilge a mhealladh ar an dóigh céanna go dtí le déanaí. Dúirt mo dhuine go raibh breis is dhá scór ollscoil ag tairiscint an Léinn Cheiltigh sna Stáit, agus luaigh sé obair Oideas Gael i nGleann Cholm Cille: 'D'fhéadfaí a leithéid a bheith i ngach Gaeltacht sa tír'.



## Mac tíre an bháis

*Folk-tales may not engage the attention of Irish speakers as they used to, but there are stories among them which speak hauntingly of life and death.*

I leabhar taitneamhach leis an Dr Dubhghlas de hÍde, *Legends of Saints and Sinners*, tá dhá leagan den scéal *Bás Bhearacháin* le fáil, ceann i mBéarla agus ceann i nGaeilge. Tagann iarmhar (neach neamhshaolta a thuarann an bás) chun Bearacháin, atá ina easpag nó ina dhraoi. Is é tuairim de hÍde gurb ionann an fear seo agus Bearachán Chluain Sosta in Uí bhFailí, a bhí beo san 7ú haois agus a raibh clú na tairgreachta agus na filíochta air. Is dócha go raibh roinnt maith scéalta ina thaobh. An scéal a d'fhoilsigh de hÍde i nGaeilge is leagan Muimhneach é, agus 'Seán Crón' a bhí mar ainm cleite ar an té a bhailigh é. Scéal diamhair greannmhar é a d'fhanfadh i do chuimhne. Tá athchóiriú beag déanta air anseo, cé go bhfuil blas na canúna air fós. ❧

Bhí seandraoi ann fadó, gurbh é ainm a bhí air ná Bearachán, agus thánig Fionn Mac Cumhaill agus rí eile dá fhiosrú oíche áirithe. Do bhíodar ag caitheamh na hoíche leo féin ann, ag déanamh gach aon chaitheamh aimsire a d'fhéadadar dóibh féin. I gcaitheamh na hoíche dóibh d'fhiafraigh Fionn de Bhearachán an fada an saol a bhí gearrtha amach dó nó an raibh aon fhios aige air. Dúirt Bearachán go raibh go maith – go mairfeadh sé go bráth chun go dtiocfadh trí ríthe gan chuireadh chun a thí i gcomhair na hoíche – ar an oíche sin go dtiocfadh mac tíre chuige do mharóidh é.

'Déan d'anam, mar sin,' arsa Fionn, 'mar tá trí ríthe gan chuireadh anso anocht.'

'Conas a bheadh,' arsa Bearachán, 'agus gan ann ach beirt agaibh?'

'Tá,' arsa Fionn, 'mise rí na Féinne, agus é seo lem' chois rí cúige is ea é, agus Bran atá ina rí ar ghadhair an domhain.'

'Ó, Dia le m'anam!' arsa Bearachán, 'tá mo ghnó déanta mar sin.'

'Ní baol duit anocht, pé scéal é,' arsa Fionn, 'nó teipfidh sé orainne.'

Is é rud a dheineadar ná é a chur fé bhéal tobáin, agus an bheirt eile a bheith ag imirt fichille ar thóin an tobáin ar eagla go dtitfidís ina gcodladh an fhaid do bheidís ag faire ar Bhearachán. Do bhíodar ag imirt leo.

Ba ghairid dóibh gur airíodar an t-iarmhar ag labhairt amuigh, agus d'iarr sé orthu go hiarmhéileach é a ligint isteach. Dúradar leis go doicheadallach, ambasa, nach ligfidís. Do lean sé air, faid gach aon fhaid, agus é níos truamhéilí gach uair ná a chéile. Dúirt Fionn fé dheireadh thiar thall gur chóir gur chuireadar cathanna ba chrua ná pé iarmhar a bhí amuigh do smachtú go maidin.

D'osclaíodar an doras agus do scaoileadar isteach é, agus do shuigh sé sa chúinne agus do lig sé air go raibh sé á leá ag an bhfuacht. Is gearr gur tharraing sé chuige píb agus do thosnaigh sé ar an gceol ab uaibhrí agus d'airigh aon neach riamh.

Agus ba ghearr ina dhiaidh sin gur thit duine acu ina chodladh thall agus duine eile abhus, agus ar maidin nuair a dhúisíodar ní raibh fé bhéal an tobáin ach cairnín cnámh. Sin é bás Bhearacháin agaibh.



### **Fealsúnacht na seilbhe**

*Australia is one of the countries which have done something to restore lost land to their indigenous populations. In Australia the process has proved complicated. The courts have played their part: one decision did away with the doctrine that the land belonged to no one before white settlement (Mabo); a later decision said that native title depended on continuity of custom and use from pre-contact times (Yorta Yorta). The latter decision was deplored as nullifying a real claim by means of an inequitably strict interpretation. Dr Lee Godden from the University of Melbourne has addressed the philosophical implications: in a recent seminar she discussed the conflict between transcendental Western concepts of property and an immanent understanding of it more appropriate to Aboriginal culture. Immanence should be addressed through equity – a recognition of property as an expression of social relationships and practice.*

Ar 3 Meitheamh 1992 cuireadh deireadh le teagasc dlí *terra nullius* (tír nach le haon duine í) – teagasc a bhí ina údarás le díbirt na mBundúchasach ón dtailte traidisiúnta. Dúirt seisear breitheamh as seachtar san Ard-Chúirt go n-aithníonn dlí na hAstráile teideal dúchasach ar thalamh. Dúirt duine acu, an Giúistís Brennan, gurbh í díbirt úd na mBundúchasach ‘an taobh ba dhorchá de stair an náisiúin seo’. Is iad an pobal Meriam ó oileáin an tuaiscirt, faoi cheannas Eddie Koiki Mabo, a thug an cás os comhair na cúirte.

Ar 12 Nollaig 2002 thug an Ard-Chúirt a mhalairt de bhreithiúnas. Bhí an pobal Yorta Yorta ó stát deisceartach Victoria (áit a ndearnadh cuid mhaith den seandúchas a scrios) ar lorg teideal dúchasach ar thalamh a sinsear. Os comhair an Cúirte Cónasctha a tháinig an cás ar dtús, agus dúirt an chúirt sin gurb amhlaidh gur stad an pobal Yorta Yorta de chónaí ar a dtalamh sinseartha de réir a nósanna dúchais, rud a chealaigh a dteideal talaimh orthu. D’aontaigh an Ard-Chúirt leis an mbreithiúnas seo, de réir mhír 223(1) den Acht, a deir gurb ionann teideal dúchasach agus cearta talaimh na mBundúchasach, nuair a shealbhaítear na cearta sin de réir na ndlíthe traidisiúnta agus na sean-nósanna a ngéilleann na Bundúchasaigh dóibh. Chuir an chúirt treise ar leith ar an téarma ‘traidisiúnta’; níor mhór do na dlíthe agus do na nósanna úd a bhunaithe ar na dlíthe agus ar na nósanna a bhí á gcleachtadh ag na sinsir nuair a tháinig na hEorpaigh. Níor leor iad a athbheochan tar éis iad a chailleadh. D’fhág sin nach raibh an pobal Yorta Yorta i dteideal an talaimh.

Ba é an scéal seo a bhí á phlé i bpáipéar a thug an Dr Lee Godden ó Scoil Dhlí Ollscoil Mhelbourne ag seiminéar ar 11 Lúnasa 2005, páipéar a raibh mar fhotheideal air ‘Dlí na seilbhe, cearta daonna agus imeanacht an traidisiúin’. Is é ab ábhar dó an chaoi a gcuirtear cumhacht i bhfeidhm trí ‘particular conceptions of nature, time and space’ (coincheapa áirithe den dúlra, den am agus den spás). Bhí siad á bplé de réir na coimhlinte idir ‘transcendence and immanence’ (trachéimnitheacht agus imeanacht): sin é, idir an chumhacht ‘impiriúil’ a thagann anuas ón taobh amuigh agus an chumhacht a eascraíonn ón taobh istigh (ón dúchas).

Tugann an páipéar léargas ar an dóigh a dtugann modhanna áirithe den dlí tús áite do leaganacha cultúrtha ar leith den dúlra, den am agus den spás de bharr ceart chun seilbhe agus eile a dheimhniú. Leaganacha iad a bhí ag brath riamh ar bhealaí léiriúcháin ar nós léarscáileanna: le linn Impireacht na Breataine bhí gá le pointe tarchéimnitheach tagartha. Chuirfí pointe den saghas seo in iúl mar cheannas agus mar sheilbh; chuirfí i bhfeidhm é trí mhodh reachtúil na dlínse. Sin mar a rinneadh na himpireachtaí coilíneacha a fhorleathnú in éineacht le ‘tíreolaíochtaí’ agus ‘staireanna’ cultúir agus cine – rud a rinneadh trí fhoirmeacha Briotanacha dlí a chur ar an mbaint a bhí ag na Bundúchasaigh le talamh agus le huisce.

Teideal dúchasach ata i gceist sa tréimhse is déanaí den Impiriúlachas. Éilíonn an dúchas imeanach aitheantas ar phríomhdhlí an Iarthair trí nósanna, pobail agus traidisiúin a léiriú: sin é, trí dhaonnacht a nochtadh de réir coinníollacha maireachtála an duine agus athdhéanamh gnímh. Deir an Dr Godden go bhfuil idir ‘chur san áireamh agus chur as an áireamh’ i gceist ag na tíreolaíochtaí agus ag na staireanna úd, ach go bhféadann siad daonnacht imeanach na mBundúchasach a chur in iúl.

